Gaelscoil Mhainistir na Corann (GSMNC)

**Bán Sheáin, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí**

**Ríomhphost: oifig@gsmnc.ie** **Fón/Fax: 021 4613599** **www.gsmnc.ie** **Uimhir Rolla: 20107G**

# Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Gaelscoil mheasctha is ea Gaelscoil Mhainistir Na Corann a chuireann oideachas ar fáil trí mheán na Gaeilge ó na Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a Sé.

De réir riachtanas an Achta *Tús Áite do Leanaí* 2015, Tús Aite do Leanaí: Treoirlínte Naisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017 agus AguisínTús Áite do Leanaí (2019) agus de réir na Treorach ó *Tusla* maidir le hullmhúchán Ráiteas um Chumhdach Leanaí, tá sé aontaithe ag Bord Bainistíochta Gaelscoil Mhainistir na Corann an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a leagan amach sa cháipéis seo.

1. Tá glactha ag an mBord Bainistíochta le Nósanna Imeachta na Roinne maidir le Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017 mar chuid den Ráiteas iomlán Chumhdach Leana agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad ina n-iomláine, gan leasú.
2. An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) is ea: **Áine Ní Shúilleabháin**
3. An Duine Idirchaidrimh AinmnitheTánaisteach (DIAT) is ea: **Róisín Ní Cheallaigh**
4. Aithníonn Bord Bainistíochta go bhfuil cúrsaí chosaint agus leasa leanaí lárnach i ngach gné de shaol na scoile agus gur gá go bhfeicfear é seo i bpolasaithe

uile na scoile, i nósanna imeachta na scoile, i gcleachtas na scoile agus in imeachtaí na scoile. Cloífidh an scoil leis na prionsbail dheachleachtais a leanas maidir le cosaint agus leas leanaí.

Déanfaidh an scoil:

- Cosaint agus Leas Leanaí a aithint mar an rud is tábhachtaí, beag beann ar chúrsaí eile
- Cloí ina iomláine leis na dualgais reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus le reachtaíocht eile ábhartha a bhaineann le cosaint agus le leas leanaí.
- Comhoibriú go huile is go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha maidir le cúrsáí chosaint agus leas leanaí.
- Glacadh le cleachtais shábháilte chun an fhéidearthacht go dtarlódh díobháió timpistí do leanaí a laghdú agus chun oibrithe a chosaint ar phriacail neamhriachtanacha a d'fhágfadh go ndéanfaí líomhaintí mí-úsáide nó faillí ina gcoinne.
- Nós na hoscailteachta le tuismitheoirí a fhorbairt agus rannpháirtíocht na dtuismitheoirí in oideachas a bpáistí a spreagadh; agus
- Meas a léiriú ar riachtanais rúndachta agus iad ag plé le cúrsaí chosaint leanaí.

5. Tá na nósanna imeachta/beartais seo a leanas i bhfeidhm:

- Maidir le haon bhall foirne atá ina (h)ábhar fiosrúcháin (pé cur síos a dhéantar air) maidir le haon ghníomh, le haon neamhghníomh, nó le haon chás, maidir le haon pháiste atá ag freastal ar an scoil, cloíonn an scoil leis na nósanna imeachta leagtha amach i gCaibidil a 7 de na Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna 2017 agus leis na nósanna imeachta ábhartha smachta aontaithe do bhaill foirne scoile atá foilsithe ar shuíomh idirlín na ROS.
- Maidir le roghnú nó earcú na mball agus lena n-oiriúnacht chun obair le páistí, cloíonn an scoil le riachtanais ghrinnfhiosraithe reachtúla an Achta BGN (Leanaí agus daoine soghonta) 2012 go 2016 agus le treoir níos forleithne dhualgas chúraim leagtha amach i gciorcláin ábhartha na nGardaí um ghrinnfhiosrú agus um earcú atá foilsithe ag an ROS agus ar fáil ar shuíomh idirlín na ROS.

- Maidir le soláthar an eolais agus, nuair is gá, teagaisc agus oiliúna don fhoireann maidir le déanamh díobhála a aithint (mar a shainmhínítear san Acht 2015), déanann an scoil;
  - ➢ Cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile a sholáthar do na baill foirne ar fad.
  - ➢ Cinnte de go ndéantar cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile a sholáthar do gach ball foirne nua
  - ➢ An fhoireann a spreagadh leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - ➢ Baill an Bhoird Bhainistíochta a spreagadh chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - ➢ Taifead a choimeád d'oiliúint na mball agus bhaill foirne an Bhoird Bhainistíochta (faoi chúram an Bhoird Bhainistíochta)
- Maidir le tuairisciú buarthaí faoi chosaint leanaí do Tusla, tá ceangal ar gach ball foirne scoile cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna 2017, i gcás múinteoirí cláraithe, na cinn sinn a bhaineann le tuairsciú sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, san áireamh.
- Sa scoil seo, tá an DIA thuasainmnithe ceaptha ag an mBord mar an duine ábhartha (mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015) le bheith ina chéadphointe teagmhála maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile.
- Tá gach aon mhúinteoir cláraithe fostaithe ag an scoil ina nduine faoi shainordú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.
- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, AguisínTús Áite do Leanaí (2019) tá an Bord tar éis measúnacht priacail a dhéanamh ar an bhféidearthacht díobhála do pháistí agus iad ag freastal ar scoil nó ag glacadh páirte in imeachtaí na scoile. Tá measúnacht scríofa a leagann amach na réimsí priacail aitheanta agus na nósanna imeachta chun na priacail sin a bhainistiú ceangailte thíos mar Aguisín 1 leis na nósanna seo.
- Tá fáil ar na nósanna imeachta éagsúla a ndéantar tagairt dóibh sa Ráiteas seo ar shuíomh idirlín na scoile, ar shuíomh idirlín na ROS nó ar fáil ó scoil ach é a iarraidh.

**Nóta:** Níl an méid thuasluaite le bheith ina liosta uileghabhálach. Cuimseoidh Boird Bhainstíochta éagsúla nósanna imeachta/beartais eile a bhaineann le hábhar sa scoil atá i gceist.

6. Tá an ráiteas thuas foilsithe ar shuíomh idirlín na scoile agus tá sé curtha ar fáil go gach ball foirne na scoile, do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dóibh)

agus don Phátrún. Is furasta do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí teacht air ach é a iarraidh. Déanfar cóip den Ráiteas a chur ar fáil do Tusla agus don Roinn má iarrtar.

7. Déanfar Aithbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí nó chomh luath agus is féidir tar éis aon athruithe ábhartha ar aon rud a ndéanann an Ráiteas seo tagairt dó.

Ghlac an Bord Bainistíochta an Ráiteas seo um Chumhdach Leanaí ar an 07.02.2024 agsus beidh athbhreithniú bliantúil déanta ar.

Sínithe: Rachel Walsh

**Cathaoirleach an Bh.Bh.**

Dáta: 7th Feb. '24

Sínithe: Áine Ní Shúilleabháin

**Príomhoide/Rúnaí an Bh.Bh.**

Dáta: 07-02-2024

# Aguisín 1 - Measúnú Riosca/ Priacail

| Liosta na nImeachtaí Scoile<br>List of School Activities | Leibhéal Riosca<br>Level of Risk | D'aithin an scoil na rioscaí dochair seo a leanas a bhainfeadh leis na himeachtaí seo<br>The school has recognised the following risk of harm in respect of its actions. | Tá na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm ag an scoil le dul i ngleic leis na rioscaí dochair a aithníodh sa mheasúnú seo<br>The school has the following procedures in place to deal with the risks recognised in this assessment |
|---|---|---|---|
| **1. Spórt / Corpoideachas** | | | |
| Peil na gcailíní agus na mbuachaillí | Íseal | ❖ Gortú ar an bpáirc<br>❖ Suíomh oscailte<br>❖ Lucht féachana<br>❖ Daoine ó scoileanna eile i láthair | ❖ féitheoireacht cheart, múinteoir i láthair an t-am go léir<br>❖ múinteoir sa bhreis nuair atá réiteoireacht i gceist<br>❖ rialacha a mhíniú<br>❖ bosca garchabahair |
| Camógaíocht agus Iomáint | Méanach | ❖ Gortú ar an bpáirc,<br>❖ Suíomh oscailte<br>❖ Lucht féachana<br>❖ Daoine ó scoileanna eile i láthair | ❖ féitheoireacht ceart, múinteoir i láthair an t-am go léir<br>❖ múinteoir sa bhreis nuair atá réiteoireacht i gceist<br>❖ rialacha a mhíniú<br>❖ bosca garchabhair |
| Spórt le Traenálaithe Áitiúla | Íseal | ❖ Dochar do dhalta<br>❖ Nach bhfuil smacht acu ar na páistí<br>❖ Cosaint don fhoireann & dos na traenálaithe | ❖ féitheoireacht ceart, múinteoir i láthair an t-am go léir<br>❖ rialacha a mhíniú<br>❖ Grinnfhiosrúcháin na nGardaí ag na traenálaithe |
| Luthchleasaíocht | Meánach | ❖ Suíomh oscailte an ghnóthach<br>❖ Lucht féachana<br>❖ Daoine ó scoileanna eile i láthair | ❖ féitheoireacht ceart<br>❖ múinteoir i láthair an t-am go léir<br>❖ rialacha a mhíniú |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Snámh na mbuachaillí agus snámh na gcailíní | Meánach | ❖ Daoine eile i láthair uaireanta<br>❖ Talamh fliuch<br>❖ Ag roinnt seomraí feisteas | ❖ féitheoireacht ceart<br>❖ múinteoir & tuismitheoirí ag breathnú ar na páistí<br>❖ rialacha a mhíniú |
| Rince le múinteoir ón dtaobh amuigh | Íseal | ❖ Dochar do dhalta<br>❖ Cosaint don fhoireann & dos na traenálaithe | ❖ féitheoireacht ceart, múinteoir i láthair an t-am go léir<br>❖ rialacha a mhíniú<br>❖ Grinnfhiosrúchán na nGardaí ag an múinteoir rince |
| Seachtain Spóirt | Meánach | ❖ Talamh mí chruinn & caisleáin preabadh<br>❖ Dochar do dhalta & gortú<br>❖ Iar scoláirí timpeall chun cabhrú<br>❖ Traenálaithe ó lasmuigh i láthair<br>❖ Níos mo saoirse ag na páistí & níos lú smacht ag na múinteoirí<br>❖ Cosaint don fhoireann & dos na traenálaithe | ❖ féitheoireacht ceart, múinteoir i láthair an t-am go léir<br>❖ rialacha cuí don lá a scaipeadh i measc na foirne<br>❖ na rialacha a mhíniú dos na páistí<br>❖ cinntiú - Grinnfhiosrúchán na nGardaí ag na traenálaithe |
| Ag bogadh fearas spóirt | Íseal | ❖ Gortú do dhalta nó múinteoirí | ❖ seomra stóas a choimeád glan<br>❖ rialacha a mhíniú do gach éinne |
| **2. Roimh agus i ndiaidh am scoile** | | | |
| Feitheoireacht 8.40-9.00 | Íseal | ❖ Páistí fágtha ró luath | ❖ clár ama féitheoireacht déanta ag PC1 (A)<br>❖ rialacha mínithe dos na páistí<br>❖ rang a sé mar maor tráchta ar maidin |
| Ag scaoileadh páistí abhaile ag 1.40 | Meánach | ❖ An chuid páistí óga ag imeacht ag an am gcéanna | ❖ ní scaoiltear amach páiste ach amháin go bhfuil duine ann chun é/í a bhailiú |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | ❖ Creches/suíthóirí éagsúla ag bailiú páistí,<br>❖ Tiománaithe nach gclaíonn le bainistíocht tráchta. | ❖ trí doras éagsúl in úsáid<br>❖ plean Bainistíocht Tráchta curtha in iul do thuistí<br>❖ airiochóir taobh amuigh |
| Ag scaoileadh páistí abhaile ag 2.40 | Meánach | ❖ An chuid páistí óga ag imeacht ag an am gcéanna ,<br>❖ Tiománaithe nach gclaíonn le bainistíocht tráchta.<br>❖ Páistí measctha suas ar conas atá siad ag imeacht | ❖ múinteoirí ag siúl chuig an doras amach leis na páistí<br>❖ na rialacha a mhíniú go rialta (níl cead rith sa phasáiste, níl cead rith ar na cosáin nó transna an chlóis)<br>❖ plean bainistíocht tráchta curtha in iúl do thuistí go rialta<br>❖ airíochóir taobh amuigh |
| Páistí nach mbailítear | | ❖ An baol go imeóidh páiste abhaile ina (h)aonair | ❖ Minithe dos na páisti gur chóir dóibh teacht thar nais chuig an oifig nó labhairt le múinteoir. |
| Páistí a thagann déanach ar scoil | Íseal | ❖ An baol go rachadh an páiste ar strae | ❖ an príomhdhoras amháin a úsáid tar éis 9:00r.n.<br>❖ nótáilte ar thinreamh ar Aladdin ag an rúnaí |
| **3. Am sosa /Am lóin** | | | |
| Ag scaoileadh páistí amach | Íseal | ❖ An baol go dtarlódh eachtra le an chuid páistí ag siúl amach | ❖ múinteoirí ag siúl chuig an doras /an clós leis na páistí<br>❖ na rialacha a mhíniú go rialta (níl cead rith sa phasáiste, níl cead rith ar na cosáin nó transna an chlóis) |
| Ag bailiú páistí | Meánach | ❖ An baol go nimeódh páiste ón scoil | ❖ ba chóir na páisti a bhailiú in am<br>❖ páistí i línte ag fanúint ar na múinteoirí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | ❖ An baol go dtarlódh eachtra le an chuid páistí ag siúl isteach | ❖ ní chóir do pháistí imeacht isteach an doras go dtí go dtugtar cead dóibh |
| Féitheoireacht | Íseal | ❖ Páistí fágtha sa chlós gan aon mhúinteoir, CRS leo | ❖ athbhreithniú ar féitheoireacht go rialta.<br>❖ ba chóir dos na muinteoirí atá ar diúité féitheoireachta a bheith ar an gclós níos luath<br>❖ eolas ag múinteoirí nár chóir aon rang a fhágaint amuigh gan múinteoir |
| Briseadh na  múinteoirí ar diúité féitheoireachta | Íseal | ❖ Rang ag obair/ithe leo féin | ❖ Am Sosa: Oidí Naíonán: Cupán a fháil roimhré fad is atá na páistí ag ithe, ceist ar mhúinteoir béal dorais súil a choimeád ar do rang<br>❖ Am Sosa: Oidí R1-R6: Cupán a fháil ina diaidh, ceist ar mhúinteoir béal dorais súil a choimeád ar do rang<br>❖ 12.20 - 12.35 & 1:2:50 - 1:05, Lón a fháil roimhré fad is atá na páistí ag ithe, ceist ar mhúinteoir béal dorais súil a choimeád ar do rang<br>❖ Polasaí Feitheoireachta |
| Leithreas le linn am sosa/lóin | Íseal | ❖ Go rachadh páiste ar strae<br>❖ Baol ó pháistí eile nó bullaíocht | ❖ déantar iachaill ar pháistí dul roimhré sa rang ach má tá gearr gá iad a scaoileadh isteach, is chuig an leithreas in aice an phríomhdhorais<br>❖ beirt Naíonáin a chur isteach le chéile<br>❖ Ráiteas Slándála |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | ❖ Polasaí Cód Iompar & Cosaint Leanaí |
| Páistí a ghortaítear sa chlós | Íseal | ❖ Buaile olc sa cheann<br>❖ Páiste gortaithe go dona - géag briste | ❖ mála garchabhair sa chlós,<br>❖ tuairisc timpiste a líonadh ar an scamall<br>❖ nóta faoi an tuairisc a sheoladh chuig an bpríomhoide<br>❖ más gá teacht isteach leis an dalta é a chur in iúl do dhuine fásta nó páiste a sheoladh isteach chun duine fásta eile a fháil<br>❖ glaoch abhaile má tá cnaip ag teacht ar an gceann |
| Páistí atá breoite/ nach féidir dul amach | Íseal | ❖ Fágtha sa seomra leo féin | ❖ suite taobh amuigh den seomra foirne. Táid le feiscint ón seomra foirne<br>❖ páiste eile leo má táid ina (h)aonair |
| Páistí ar maidí croise/cnámha briste | Íseal | ❖ Nach féidir leo siúd le cos briste teacht síos an ardaitheoir le linn drill tine | ❖ páiste ag suí taobh amuigh san aimsir gheal agus thuas staighre lasmuigh den seomra foirne san aimsir fuar<br>❖ páiste eile leo má táid ina (h)aonair<br>❖ beirt páiste agus duine fásta san ardaitheoir<br>❖ beirt duine fásta ag cabhrú leis an bpáiste le linn drill |
| **4. Turasanna taobh amuigh den scoil** | | | |
| Turasanna Scoile | Íséal | ❖ Daoine eile i láthair<br>❖ Suíomh oscailte uaireanta | ❖ féitheoireacht ceart<br>❖ rialacha mínithe<br>❖ páistí roinnte i ngrúpaí<br>❖ cinntiú busanna ag cloí le rialacha an N |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Siúlóidí lasmuigh den scoil | Íseal | ❖ Suíomh oscailte uaireanta<br>❖ Go rachadh páiste ar strae | ❖ féitheoireacht ceart<br>❖ rialacha mínithe<br>❖ páistí roinnte i ngrúpaí<br>❖ High vis á chaitheamh ag oidí agus páistí áirithe. |
| Turasanna go dtí an séipéal | Íseal | ❖ Daoine eile i láthair | ❖ féitheoireacht ceart & rialacha mínithe |
| Turas scoile thar oíche | Meánach | ❖ Daoine eile i láthair<br>❖ Suíomh oscailte uaireanta<br>❖ Go rachadh páiste ar strae | ❖ féitheoireacht ceart<br>❖ rialacha mínithe<br>❖ páistí roinnte i ngrúpaí<br>❖ cead ag na páistí glaoch abhaile ag amanna áirithe |
| **5. I rith an lae scoile - múineadh & páistí ag bogadh timpeall na scoile** | | | |
| Múinteoireacht duine ar dhuine | Íseal | ❖ An baol do dhochar i gcomhthéacs duine ar dhuine | ❖ fuinneog i ngach doras<br>❖ nótaí a choimeád ar eachtraí |
| Múinteoireacht Ranga | | ❖ An baol do dhochar trí bhall don fhoireann scoile<br>❖ scairiúint ranganna de bharr asláithreacht múinteoirí | ❖ fuinneog i ngach doras<br>❖ nótaí a choimeád ar eachtraí<br>❖ cloí leis na polasaithe scoile |
| Ag bailiú agus ag seoladh páistí thar nais chuig a seomraí ranga | Íseal | ❖ Go rachadh an páiste ar strae | ❖ caithfidh an oide ROS na páistí a bhailiú agus a thabhairt thar nais chuig a ranganna<br>❖ Polasaí ROS |
| Páistí ar theachtaireachtaí | Íseal | ❖ Go rachadh an páiste ar strae | ❖ beirt a sheoladh ar theachtaireacht |
| Ag seoladh páistí chuig an oifig | Íseal | ❖ Go rachadh an páiste ar strae | ❖ beirt a sheoladh - duine acu ciallmhar |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Soláthar an Churaclaim – OSPS, OCG agus Bí Sabháilte san áireamh | Íseal | ❖ Gan é a bheith múinte | ❖ Polasaí OSPS curtha i bhfeidhm<br>❖ amanna áirithe don bhliain eagraithe chun Bí Sábháilte & OCG a mhúineadh<br>❖ na hamanna curtha in iúl do thuistí |
| Páistí ag dul abhaile le linn an lae scoile | Íseal | ❖ Go rachadh an páiste ar strae | ❖ má tá buairt futhu páiste ciallmhar a sheoladh síos leo<br>❖ caithfidh duine fásta teacht chun iad a bhailiú |
| Páistí ag dul chuig an seomra foirne | Íseal | ❖ | ❖ Ní chóir do pháistí dul chuig an seomra foirne ach le oide/duine fásta in éineacht leo. |
| **6. Imeachtaí sa bhreis** | | | |
| Tráth na gCeist/Bingó | íseal | ❖ Go rachadh an páiste ar strae<br>❖ Nach mbeadh smacht de bharr uimhreacha | ❖ eolas roimhré cé a bheidh i láthair<br>❖ féitheoireacht cuí i bhfeidhm<br>❖ rialacha mínithe do thuistí & páistí roimhré<br>❖ ar a laghad beirt múinteoir i láthair |
| Úsáid Áiseanna nach bhfuil ar láthair na scoile | Íseal | ❖ Go rachadh an páiste ar strae<br>❖ Nach mbeadh smacht de bharr uimhreacha<br>❖ Daoine eile i láthair | ❖ féitheoireacht ceart<br>❖ rialacha ar eolas ag na daltaí<br>❖ deachleachtas agus béasaí |
| Imeachtaí Thiomsú Airgid a bhfuil daltaí páirteach iontu | Íseal | ❖ Baol dochar trí thimpiste nó a bheith fúadaithe | ❖ féitheoireacht ceart<br>❖ Rialacha ar eolas ag na daltaí<br>❖ Deachleachtas |
| Socruithe Taistil Scoile agus Tionlacan | | ❖ Ní bhaineann sé linn faoi láthair | ❖ N/B |

| 7. Foirgneamh agus Suíomh na Scoile | | | |
|---|---|---|---|
| Ag úsáid an ardaitheoir | Íseal | ❖ Go mbeadh páiste gafa san ardaitheoir leo féin | ❖ duine fásta le beirt pháiste i gcónaí |
| Doirse na scoile | Meánach | ❖ Go nealódh páiste ón scoil<br>❖ Go dtiocfadh duine isteach sa scoil gan cead | ❖ ní chóir do chuairteoirí ach an príomhdhoras a úsáid<br>❖ síniú isteach is amach<br>❖ dóirse áirithe faoi glas ag amanna áirithe<br>❖ beirt a sheoladh ar theachtaireachtaí |
| Na Leithris | Meánach | ❖ Dochar ó pháistí eile sa rang<br>❖ Iompar mí oiriúnach fad atáid ag fanúint | ❖ páiste amháin sa leithreas ag an am<br>❖ leithreas ar leith ainmnithe don fhoireann<br>❖ rialacha mínithe do pháistí<br>❖ níl cad teacht isteach leo féin le linn am sosa/lóin<br>❖ leithreas amháin ar fáil ar son úsáid poiblí |
| Geataí na scoile | Meánach | ❖ Go néalódh páiste ón scoil<br>❖ Go dtiocfadh veain/carr isteach ana thapaidh agus go leagfar páiste | ❖ geata ar thaobh na scoil faoi ghlas ó 9.00 go 1.00<br>❖ geata ar son daoine in aice na cúirte dúnta i rith an lae<br>❖ múinteoirí seasta ag áiteanna ar lith le linn an míle laethiúil |
| Lochán na scoile | Meánach | ❖ Baol aitheanta go dtitfeadh páistí isteach fad atá sé á réiteach | ❖ Lochán clúdaithe go dtí go mbeidh clúdach ceart air<br>❖ Sconsa sealadach curtha timpeall air |
| **8. Bainistiú Iompair agus Garchabhair** | | | |
| Daltaí le LADT nó Daltaí a bhraitear le bheith LADT | Íseal | ❖ Go mbeadh bulaíocht déanta orthu<br>❖ Iompar mí oiriúnach ó pháistí eile | ❖ córas frithbhullaíochta i bhfeidhm<br>❖ ní ghlactar le drochiompar nó drochmheas |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | ❖ curaclam Bí sábháilte múinte<br>❖ Cód Iompar na scoile<br>❖ Cleachtas Aisíríoch le bheith i bhfeidhm ó MF 2023 |
| Bainistíocht ar Iompar Dúshlánach agus Úsáid Srianta nuair is cuí | Íseal | ❖ Baol do gortú fisiciúil do dhaltaí nó baill foirne | ❖ feitheoiracht cuí i bhfeidhm<br>❖ treanáil cuí faighte ag baill foirne<br>❖ Polasaí Iompar Dúshlanach i bhfeidhm<br>❖ Polasaí Cód Iompar i bhfeidhm<br>❖ Polasaí Frith-bhulaíocht i bhfeidhm<br>❖ Polasaí Riachtanais Oideachais Speisialta i bhfeidhm |
| Cosc agus dileáil le bulaíocht i measc na daltaí | íseal | ❖ Baol dochar do pháiste dá chéile ar láithreán na scoile | ❖ Polasaí Frith-bhulaíochta i bhfeidhm<br>❖ Polasaí Cód Iompar i bhfeidhm<br>❖ Clár Bí Sábhálta i bhfeidhm |
| Tabhairt Amach Leighis | Íseal | ❖ Baol dochar do pháiste trí ball foirne | ❖ polaisí ar leith leighis don linbh le leanúint<br>❖ Foirm 'Indemnity' sínithe agus tugtha don bhord ar son leighis a thabhairt<br>❖ pictiúirí do pháistí le pinn epi srl crochta sa seomra foirne |
| Garchabhair | Íseal | ❖ Baol dochar do pháiste trí baill foirne | ❖ mála garchabhair sa chlós agus ag ócáidí scoile<br>❖ ámhainí & masc á chaitheamh más gá<br>❖ tuairisc timpiste a líonadh ar an scamall<br>❖ nóta faoi an tuairisc a sheoladh chuig an bpríomhoide |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | ❖ beirt leis an bpáiste más gá éadaí a bhaint, féachaint ar gearradh srl<br>❖ cuirtear glaoch ar thuistí má tá cnaip ar an gceann nó gortú mhór |
| **9. Páistí le Riachtanais Oideachais Speisialta (ROS)** | | | |
| Cúram do pháístí le Riachtanais Oideachais Speisialta (ROS) – Riachtanais Dlúthphearsanta san áireamh | íseal | ❖ An baol do dhochar trí bhall don fhoireann scoile le linn aire dlúthphearsanta | ❖ rialacha soiléir<br>❖ bualadh le tuismitheoirí go rialta & plé leo<br>❖ nótaí a choimeád<br>❖ lámhainní agus measc á chaitheamh más gá |
| CRS ag tógaint páistí ón rang ar son briseadh rialaithe | Íseal | ❖ An baol do dhochar trí bhall don fhoireann<br>❖ Nach bhfuil smacht acu ar na páistí | ❖ luaite i gComhad Tacaíochta na bpáistí<br>❖ deachleachtas scoile a leanúint |
| Timpiste Leithris | | ❖ An baol do dhochar trí bhall don fhoireann scoile le linn aire dlúthphearsanta | ❖ Éadaí sa bhreis coimeádta ar scoil ar eagla na heagla<br>❖ Beirt duine fásta i láthair muna bhfuil páiste in ann tabhairt faoi iad féin<br>❖ lámhainí agus measc á chaitheamh más gá |
| **10. Gléasanna Teicneolaiochta & Cumarsáide** | | | |
| Úsáid Físeáin/Mheáin eile chun taifead a dhéanamh ar Imeachtaí Scoile | Meánach | ❖ Baol go n-úsáidfí iad go míoirúnach | ❖ cead faighte ag tús na bliana ó na tuistí trí Aladdin<br>❖ ag seó/taispeántais cuirtear in iúl do thuistí/lucht féachana nach bhfuil cead na físeáin a chur ar líne |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Úsáid TEC (ipads, guthán póca, ríomhairí glúine) ag daltaí na scoile | Meánach | ❖ Baol go bhfhéadfadh páisté teacht ar eolas/íomhá mí oiriúnach an éasca in ainneoin go bhfuil filter láidir ag an scoil<br>❖ Bullaíocht ar líne | ❖ Polaisí TEC / AUP /Frith-Bhulaíochta / Cód Iompar / Guthán Póca<br>❖ ní chóir páistí ríomhairí a úsáid gan féitheoir leo<br>❖ níl uaireadaóirí cliste & gléasanna teicneolaíochta srl ceadaithe ar scoil<br>❖ guthán póca le cead tuistí trí Aladdin do pháistí R5 & R6 amháin & tugtha don mhúinteoir ranga i rith an lae<br>❖ ceardlann le Aoíchainteoir ar sábháilteact ar líne déanta go bliaintiúil le R3-R6, múinteoirí & tuistí<br>❖ rannóg ar leith bunaithe ar sábháilteact ar líne ar shuíomh Ghréasáin na scoile do thuistí<br>❖ scagaire láidir ar líne i bhfeidhm ag an scoil |
| Grianghraif Scoile & Suíomh Ghréasssáin na scoile | Meánach | ❖ Go mbeadh na griangrafanna úsáidte go míoiriúnach | ❖ cead faighte ag tús na bliana ó na tuistí trí Aladdin<br>❖ ní bheidh pictiúirí do pháistí aonaracha curtha suas<br>❖ ní úsáidtear sloinne an páistí chun iad a ainmniú ar shuíomh ghréasaín na scoile |
| **11. Foireann a Earcú & Pearsanra Eile** | | | |
| Daoine Seachtracha a chuireann leis an gCuraclam | Íseal | ❖ Dochar do dhalta<br>❖ Nach bhfuil smacht acu ar na páistí<br>❖ Cosaint don fhoireann & dos na múinteoirí<br>❖ | ❖ cóip do Ghrinnfhiosrúcháin na nGardaí acu<br>❖ bíonn an múnteoir leis an rang i gcónaí<br>❖ lipéad / lanyard a chaitheamh sa foirgnimh<br>❖ siniú isteach agus amach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Earcú Baill foirne na scoile, ina measc;<br>❖ Múinteoirí<br>❖ CRS<br>❖ Airíoch<br>❖ Rúnaí<br>❖ Glantóirí<br>❖ Oiliúnóirí Spóirt<br>❖ Teagscóirí Seachtracha<br>❖ Aoíchainteoirí<br>❖ Oibrithe Deonacha<br>❖ Tuismitheoirí | Íseal | ❖ Níl baol aitheanta nó tuairisciú ciú curtha in iúl go tapaidh nó i gceart | ❖ leantar an córas ceart chun daoine a fhostú agus cinnteófar go bhfuil Grinnfhiosrúcháin an Gharda acu<br>❖ Ráiteas Um Chumhdacht Leanaí curtha ar fáil dóibh i dteannta le nósannaa imeachta an Roinn Oideachais<br>❖ Cúrsa Tusla Children First le bheith déanta gach ré bhliain ag na baill foirne<br>❖ Ní fhágfar oibrithe deonacha srl riamh leo féin i dteannta páistí<br>❖ Aoichainteoirí ag caitheamh lipeidí ag cur in iúl cé hiad |
| Oiliúint d'Fhoireann na Scoile faoi chúrsaí Chosant Leanaí | Íseal | ❖ Nach mbeadh eolas nó tuiscint acu ar na daoine idircaidreamh ainmnithe<br>❖ Nach bhfuil tuiscint acu gur daoine ainmnithe sin go léir | ❖ laethanta Inseirbhíse<br>❖ traenáil DLP/DDLP agus eolas Roinnte<br>❖ an Ráiteas um Chumdacht Leanaí tugtha do gach oide<br>❖ cúrsa Tusla Chidren First déant ag gach múinteoir & teastas curtha ina filteáin pearsanta ar an scamall |
| Múinteoireacht / ranganna / club Cúram Leanaí roimh agus tar éis scoile | Íseal | ❖ Go rachadh an páiste ar strae<br>❖ Nach mbeadh smacht acu<br>❖ Feitheoireacht míoiriúnach<br>❖ Níl baol aitheanta nó tuairisciú ciú curtha in iúl go tapaidh nó i gceart<br>❖ Eolas pearsanta feicithe nó tógtha | ❖ cinntiú - Grinnfhiosrúchán na nGardaí ag na múinteoirí<br>❖ rollaí a choimeád agus cead sínithe ó thuistí<br>❖ rialacha soiléir & ag leanúint deachleachtas<br>❖ conradh oifigiúil faighte ón nDeoise - árachais cuí, Ráiteas um Chumdach Leanaí acu, Cláraithe le Tusla<br>❖ doirse cuí in úsáid chun teacht agus imeacht |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | ❖ oidí ag cinntiú gon bhfuil eolas pearsanta i gcomhad caibinéid agus go bhfuilid sínithe amach ó Aladdin srl |
| Mic Léinn ar Shocrúchán Scoile | Íseal | ❖ Baol dochar do pháistí na scoile<br>❖ Cosaint dos an Mic Léinn | ❖ An Ráiteas um Chumdacht Leanaí tugtha dóibh.<br>❖ oide scoile sa rang leo<br>❖ cóip do Ghrinnfhiosrúcháin na nGardaí acu |
| Mic Léinn ar Thaithí Oibre | Íseal | ❖ Baol dochar do pháistí na scoile<br>❖ Cosaint dos an Mic Léinn | ❖ ní chóir do daltaí bheith ina naonair le páistí,<br>❖ Polaisí Taithí Oibre roinnte leo<br>❖ cóip do Ghrinnfhiosrúcháin na nGardaí acu |
| Tuismitheoirí ag cabhrú sa scoil ar bhonn deonach | Íseal | ❖ Baol dochar do pháistí na scoile | ❖ ní chóir tuistí a bheith ina naonair le páiste<br>❖ níos mó na tuimitheoir amháin le chéile ag aon am<br>❖ lanyard cuiditheoir tugtha dóibh chun iad a aithint |
| Cuairteoirí & Conraitheoirí ar láthair na scoile le linn an lae | Íseal | ❖ Baol dochar do pháistí na scoile | ❖ múinteoirí lena ranganna<br>❖ bíonn ar cuairteoirí síniú isteach ag an oifig<br>❖ lipéad á chaitheamh ag na hoibritheoirí agus cuairteoirí<br>❖ caithheann siad High Vis |
| Cuairteoirí & Conraitheoirí ar láthair na scoile tar éis am scoile | Íseal | ❖ Baol do dhochar do dhalta má táid fós mórthimpeall na scoile | ❖ caithheann siad High Vis |

**Nóta Tábhachtach:** Tugtar faoi deara gurn ionann *riosca* i gcomhthéacs an mheasúnaithe seo agus an sainmhíniú a thugtar ar *riosca* san Acht Túsáite do Leanaí 2015 agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Déantar sainmhíniú ar an bhfocal ***dochar*** (fós le cinntiú) **i gCaibidil a Ceathair de na nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoieanna agus d'Iarbhunscoileanna** *2017* (go léir le cinntiú le foilsiú na Nósanna úd)

Agus an measúnú riosca seo ar bun acu, rinne an Bord Bainistíochta a ndícheall, chomh fada agus ab fhéidir leo, na rioscaí ***dochair*** (le cinntiú) a bhaineann leis an scoil seo, agus é a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun an rioscaí ar fad a thníodha bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca ***dochair*** (le cinntiú) a thuar agus a bhaint, tá na Nósanna liostaithe sa mheasúnú riosca seo chun baintsíocht agus laghdú a dhéanamh ar an riosca chomh fada agus is féidir.

Rinne Bord Bainstíochta **Gaelscoil Mhainistir Na Corann** an Measúnú Riosca seo a chur i gcrích ar 7ú Feabhra 2024.

Déanfar athbhreithniú air mar chuid dá Athbhreithniú Bliaintúil ar an Ráiteas Chosaint Leanaí .

Siínithe Rachel Walsh Dáta 7th Feb. '24

Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Sínithe Áine Ní Shúilleabháin Dáta 07.02.2024

Príomhoide/Runaí an Bhoird Bhainistíochta

Gaelscoil Mhainistir na Corann
Bán Sheáin, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí, P25 CH73
Fón: **021 461 3599** • Ríomhphost: **oifig@gsmnc.ie**
**www.gsmnc.ie**

## Teimpléid Éigeantach 3: Fógra maidir le hathbhreithniú an Bhoird Bainistíochta ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí 2023/2024

Chuig: Patrún na Scoile an t-Easpach Wm. Crean
Baill Foirne Scoile
Cumann na dTuismitheoirí

Is mian le Bord Bainistíochta **Gaelscoil Mhainistir na Corann** an méid a leanas a chur in iúl duit:

- Tugadh chun críche athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bainistíochta ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ag cruinniú an Bhoird a tionóladh ar an **07.02.2024.**

- Rinneadh an t-athbhreithniú sin i gcomhréir leis an "Seicliosta le haghaidh Athbhreithnithe ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí" a foilsíodh ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie

Síniú : Rachel Walsh Dáta: 07.02.'24
An Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Síniú : Áine Ní Shúilleabháin Dáta: 07.02.2024
An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta

Uimhir Rolla: **20107G**
Príomhoide: **Áine Ní Shúilleabháin**
Leas-Phríomhoide: **Róisín Ní Cheallaigh**



Gaelscoil Mhainistir na Corann
Bán Sheáin, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí, P25 CH73
Fón: **021 461 3599** • Ríomhphost: **oifig@gsmnc.ie**
**www.gsmnc.ie**

## Mandatory Template 3: Notification regarding the Board of Management's review of the Child Safeguarding Statement 2023/2024

To: School Patron, Bishop Wm. Crean
School Personnel
Parents' Association

The Board of Management of **Gaelscoil Mhainistir na Corann** wishes to inform you that:

- The Board of Management's annual review of the school's Child Safeguarding Statement was completed at the Board meeting of **07.02.2024**
- This review was conducted in accordance with the "Checklist for Review of the Child Safeguarding Statement" published on the Department's 'website www.education.ie

Signed Rachel Walsh Date 07.02.'24
Chairperson, Board of Management

Signed Áine Ní Shúilleabháin Date 07.02.2024
Principal/Secretary to the Board of Management

Uimhir Rolla: **20107G**
Príomhoide: **Áine Ní Shúilleabháin**
Leas-Phríomhoide: **Róisín Ní Cheallaigh**

